Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Aonad na Seirbhísí Custaiméirí,
Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8

Customer Services Centre,
Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8
T. 01 222 2259 E.parkingpermits@dublincity.ie

IARRATAS AR CHEAD PÁIRCEÁLA CÓNAITHEORA (FOSTAÍ IN INSTITIÚID CÓNAITHE)

Seolfar do chead chuig do sheoladh mar a bheidh tugtha ar a bhfoirm iarratais seo

LÉIGH GACH COINNÍOLL LASTALL AGUS FREAGAIR GACH CEIST THÍOS SULA SÍNÍONN AGUS A gCUIREANN TÚ AN tIARRATAS SEO ISTEACH LE COMHLÁNÚ AG AN bhFOSTAÍ:

1. Sloinne an Fhostaí: _____ 2. Céadainm/neacha:_____

3. Ainm agus Cineál na hInstitiúide Cónaithe: _____

4. Seoladh na hInstitiúide Cónaithe: _____

_____

Éirchód: _____

5. Post an Fhostaí: _____

6. Seoladh Baile an Fhostaí: _____

_____

7. Uimhir Theileafóin Teagmhála an Fhostaí: _____

Ríomhphost an Fhostaí: _____

8. An bhfuil feithicil an fhostaí incháilithe? (Féach coinníoll 7 lastall) TÁ ____ NÍL _____

9. Uimh. Clárúcháin na Feithicle: _____

Síniú an Fhostaí: _____ Dáta: _____

Le haghaidh úsáid oifige amháin:

Uimh. Ceada:

Méid Dlite: **Dáta Eisithe**

€	

U/B _____ F/S _____ L/A _____

I/C _____ D/L _____ Doc L _____

Ceannlitreacha _____

LE COMHLÁNÚ AG AN bhFOSTAITHEOIR:

1. Deimhním leis seo go bhfuil an té thuasluaite ina fhostaí san Institiúid Cónaithe seo agus éilítear mar chuid dá f(h)ostaíocht go gcónódh sé/sí thar oíche ar feadh breis agus 183 oíche sa bhliain.
2. Deimhním leis seo nach bhfuil aon pháirceáil seachbhóthair ar fáil ag an Institiúid Cónaithe seo.
Dearbhaím go bhfuil coinníollacha 1 go 13 lastall léite agam agus go bhfuil na sonraí thuas fíor.

Síniú an Fhostaitheora: _____ Dáta:_____

Post an Fhostaitheora:_____

INIAIGH CÓIP DE DHEIMHNIÚ ÁRACHAIS AN FHOSTAÍ AGUS TÁILLE €50.
Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cáipéisí tacaíochta a choinneáil ar feadh 60 lá chomh luath is go ndéanfaí próiseáil orthu agus scriosfar iad ina dhiaidh.
Coimeádfar foirmeacha iarratais ar feadh 3 bliana.

CUIRFEAR IARRATAIS NEAMHSHÍNITHE/NEAMHIOMLÁNA AR AIS.

Ná cuir airgead tirim tríd an bpost. Ba chóir Seiceanna/Orduithe Poist a bheith iníoctha le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Más mian leat íoc le Visa, Laser nó Mastercard, deimhnigh go bhfuil na sonraí teagmhála agatsa thuas fíor. Déanfar teagmháil leat chun íocaíocht a ghlacadh chomh luath is go gceadaítear an iarratas.

FODHLÍTHE CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH UM RIALÚ PÁIRCEÁLA – COINNÍOLLACHA

1. **Is féidir leis an gComhairle Cathrach uaslíon de 2 chead páirceála cónaitheora sa bhliain a eisiúint do 2 fhostaí in institiúid cónaithe, faoi réir na gcoinníollacha seo:**

2. **Ciallaíonn Institiúid Cónaitheora, ionad fostaíochta mar theach altranais, iostas, óstán, chlochar, ambasáid nó institiúid eile den sórt céanna.**

3. **Ciallaíonn fostaí incháilithe, duine a bhfuil iallach air/uirthi mar chuid dá f(h)ostaíocht fanacht thar oíche in institiúid cónaithe ar feadh breis agus 183 oíche sa bhliain, de réir dheimhniú an fhostaitheora.**

4. **Chun a bheith incháilithe is gá nach mbeadh aon pháirceáil seachbhóthair ar fáil ag an institiúid cónaithe, de réir dheimhniú an fhostaitheora.**

5. **Is gá cóip de Dheimhniú Árachais reatha an fhostaí, lena (h)ainm, a s(h)eoladh agus uimhir clárúcháin na feithicle a chur ar fáil leis an iarratas seo. Caithfidh seoladh na hinstitiúide cónaithe a bheith ar an Deimhniú Árachais. (Ní ghlacfar le litir ón gComhlacht Árachais nó ó Bróicéir Árachais in áit Dheimhnithe Árachais.)**

   Más fostaí thú agus (i) gluaisteán cuideachta agat nó (ii) gluaisteán príobháideach agat atá faoi árachas na cuideachta, is gá duit cóip den Deimhniú Clárúcháin Feithicle a chur isteach agus cóip de dheimhniú árachais na cuideachta agus litir ón gcuideachta ina mbeidh na nithe seo a leanas luaite: do sheoladh, uimhir chlárúcháin na feithicle, gur fostaí dá cuid thú agus (i) go mbaineann tú úsáid leanúnach as an bhfeithicil chuideachta nó (ii) go bhfuil do ghluaisteán príobháideach faoi árachas na cuideachta, de réir mar is iomchuí.

6. **Ciallaíonn feithicil cháilithe, (a) feithicil paisinéara le cóiríocht paisinéara do dháréag ar a mhéid lasmuigh den tiománaí agus gan leantóir nó feithicil eile a bheith á tarraingt aici, agus (b) feithicil earraí nach dtéann a méachan gan lasta thar 3 thonna agus gan leantóir nó feithicil eile a bheith á tarraingt aici.**

7. **2 chead páirceála cónaitheora is ea an t-uasmhéid atá ineisithe ag am amháin d'aon institiúid cónaithe ar leith atá incháilithe.**

8. **An cead cónaitheora a eisítear d'fhostaí in institiúid cónaithe, bronntar é ar feadh uastréimhse bliana amháin agus is féidir é a athnuachan go bliantúil.**

9. **Níl cead cónaitheora bailí ach don fheithicil agus do na sráideanna ceada páirceála a luaitear ar an gcead. Má athraíonn an fostaí a f(h)eithicil, is gá cur isteach ar cead páirceála cónaitheora nua agus an cead páirceála láithreach a chur ar ais chun na hoifige seo.**

10. **Má fhágann an fostaí a p(h)ost san institiúid cónaithe níl an cead cónaitheora bailí a thuilleadh agus is gá don fhostóir an cead a chur ar ais chun na hoifige seo láithreach.**

11. **Is gnách fógraí athnuachana a eisiúint do gach sealbhóir ceada. Is ar fhostóir na hinstitiúide cónaithe amháin, áfach, atá an fhreagracht maidir le cead cónaitheoirí a athnuachan faoin gcatagóir seo.**

12. **Má chinneann an Chomhairle Cathrach go bhfuarthas aon chead páirceála cónaitheora trí fhaisnéis nó doiciméadú míchruinn a sholáthar, cealóidh agus aistarraingeoidh sí an cead sin nó diúltóidh sí é a athnuachan.**

13. **Ní thugann seilbh ceada páirceála cónaitheora ráthaíocht don sealbhóir go mbeidh spás páirceála aige/aici i gcónaí ar bhóthar/ bhóithre an cheada páirceála.**

Le haghaidh breis eolais a bhaineann leis an Ráiteas Príobháideachas nó polasaithe ar chosaint sonraí, breathnaigh ar http://www.dublincity.ie/privacy-statement?language=ga, más é do thoil é.